THE DIGITAL HUB

# Glao Oscailte Comh-Dhearthóir Cónaithe ag an Mol Digiteach: Saotharlann Teicneolaíochta na Comharsanachta

## 1. Forbhreathnú – Comhthéacs

Tá deis chónaitheachta spreagúil, uathúil á tairiscint ag An Mol Digiteach do chomh-dhearthóir/éascaitheoir comh-dhearthóireachta nuálach.

Tosóidh an chónaitheacht seo roimh dheireadh na bliana 2025, mairfidh sí ar feadh ceithre mhí agus beidh sí bunaithe ar champas An Mhoil Dhigitigh i gcroílár Bhaile Átha Cliath 8. Táthar ag súil le láithreacht rialta ar an láthair.

Tabharfaidh an chónaitheacht "Saotharlann Teicneolaíochta na Comharsanachta" le chéile cónaitheoirí na háite, grúpaí pobail, fiontair shóisialta, scoileanna agus éiceachóras An Mhoil Dhigitigh d'eagraíochtaí cruthaitheacha, teicneolaíochta agus fiontraíochta chun réitigh a chomh-dhearadh agus a fhréamhshamhaltú chun dul i ngleic le dúshláin áitiúla a théann i bhfeidhm ar dhaoine atá ina gcónaí, ag staidéar agus ag obair i mBaile Átha Cliath 8.

Roghnaítear téamaí i gcomhar leis an bpobal agus d'fhéadfaidh na téamaí seo a leanas a bheith san áireamh:

- Comharsanachtaí Gníomhacha – Gluaiseacht sa Saol Laethúil
- Todhchaíochtaí Bia Sláintiúla – Rochtain agus Feasacht
- Litearthacht ar Shláinte Digiteach – Rochtain do Chách
- Folláine Trí Spraoi – Gach Aois, Gach Cumas (Gníomhaíochtaí folláine idirghlúine a thacaíonn le sláinte fhisiciúil agus mhothúchánach).

Déanfaidh rannpháirtithe obair leis an dearthóir cónaithe chun smaointe a iniúchadh, scileanna déantúsaíochta digiteacha a fhoghlaim, agus fréamhshamhlacha atá ag obair a chruthú.

Is é an dáta deiridh le haghaidh Léirithe Spéise an **13ú Deireadh Fómhair 2025.**

THE DIGITAL HUB

## 2. Raon, Cineál na Cónaitheachta agus Spriocanna atá le baint amach

Is é a bheidh i gceist leis an gcónaitheacht "Saotharlann Teicneolaíochta na Comharsanachta":

**• Iniúchadh Dearaidh agus Comhchruthú:**

Éascóidh an dearthóir cónaitheach ceardlanna comhoibritheacha agus ráibeanna dearaidh le cónaitheoirí na háite, mic léinn agus oibrithe, ag comhtháthú teicneolaíochtaí inrochtana ar nós priontáil 3D, braiteoirí, samhlacha AR/VR, agus leictreonaice ar chostas íseal sa phróiseas dearaidh.

**• Forbairt Fréamhshamhlacha:**

Déanfar fréamhshamhlacha beaga a tháirgeadh agus a thástáil i suíomhanna pobail Bhaile Átha Cliath 8.

**• Caidreamh gníomhach leis an bPobal agus Tógáil Scileanna:**

Cuirfidh rannpháirtithe áitiúla taithí ar smaointeoireacht dearaidh, réiteach fadhbanna ar shlí chruthaitheach, agus uirlisí déantóra, ag cothú muiníne agus cumais le haghaidh nuálaíochta amach anseo.

**• Taispeántas agus Scaipeadh:**

Críochnófar an chónaitheacht le taispeántas poiblí ag An Mol Digiteach. Cuirfear i láthair fréamhshamhlacha agus déanfar doiciméadú ar an bpróiseas trí fhíseán, grianghrafadóireacht, agus sraith uirlisí foinse oscailte chun an tsamhail a mhacshamhlú.

## 3. Cuspóirí an Chláir Chónaitheachta

• Am, spás, agus acmhainní a chur ar fáil do chomh-dhearthóir nó éascaitheoir comh-dhearthóireachta chun cleachtas atá dírithe ar an bpobal a fhorbairt ag an gcomhéadán idir dearadh, teicneolaíocht, agus nuálaíocht shóisialta.

• Caidreamh gníomhach bríoch a chruthú idir An Mol Digiteach agus cónaitheoirí, mic léinn agus oibrithe Bhaile Átha Cliath 8.

• Táirgí fréamhshamhlacha praiticiúla a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus dúshláin áitiúla sa bhfíorshaol.

• Samhail a fhorbairt do chónaitheachtaí comh-dhearthóireachta is féidir a mhacshamhlú i bpobail eile agus do dhúshláin éagsúla.

### 4. Tairiscint Cónaitheachta, Tacaíocht agus Táillí

Leis an gcónaitheacht cuirfear ar fáil:

- Táille €10,000 don dearthóir/éascaitheoir cónaithe (CBL san áireamh).
- Buiséad táirgthe €6,000 le haghaidh ábhair, trealaimh, rochtain ar ionad, caidreamh gníomhach leis an bpobal, agus costais taispeántais.
- Spás oifige/deisce ar champas An Mhoil Dhigitigh.
- Rochtain ar áiseanna agus ar phobal An Mhoil Dhigitigh.
- Deiseanna líonraithe agus comhoibrithe le gnólachtaí nuathionscanta, teicneolaithe, cruthaitheoirí, agus eagraíochtaí agus éiceachórais áitiúla ar nós Smart D8.
- Tacaíocht ó fhoireann An Mhoil Dhigitigh a chabhróidh chun aithne a chur ar dhaoine laistigh de líonra Bhaile Átha Cliath 8.

### 5. An Próiseas Iarratais

Ba chóir d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a chur isteach:

- CV atá cothrom le dáta.
- Fillteán tionscadail d'obair ábhartha, go háirithe tionscadail a bhaineann le comh-dhearadh nó caidreamh gníomhach leis an bpobal.
- Litir chlúdaigh lena n-áirítear breac-chuntas ardleibhéil ar an gcaoi a gcuirfeá an chónaitheacht "Saotharlann Teicneolaíochta na Comharsanachta" i bhfeidhm, agus conas a rachadh sé chun tairbhe do phobal An Mhoil Dhigitigh agus do Bhaile Átha Cliath 8 araon.

Conas Iarratas a Dhéanamh

- Seol do dhoiciméid iarratais (CV, fillteán tionscadail agus litir chlúdaigh) mar aon chomhad PDF amháin (uasmhéid 10 MB) trí ríomhphost chuig info@thedigitalhub.com agus an líne ábhair seo aige: Cónaitheacht Saotharlann Teicneolaíochta na Comharsanachta – [Do Ainm].
- Caithfidh iarratais a bheith faighte roimh 23:59 (am na hÉireann) ar an 13ú Deireadh Fómhair 2025.
- Ní ghlacfar ach le hiarratais i bhfoirm leictreonach.
- Déan cinnte go bhfuil d'ainm le feiceáil go soiléir ar gach comhad.
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar líne nó go pearsanta ag An Mol Digiteach i mí Dheireadh Fómhair 2025.
- Cuirfear in iúl do gach iarrthóir an toradh a luaithe a bheidh an próiseas roghnúcháin críochnaithe.

## 6. Critéir Measúnaithe

Déanfar measúnú ar na moltaí ar:

- Cáilíocht, cruthaitheacht, agus indéantacht an chuir chuige atá beartaithe.
- Cuntas teiste i smaointeoireacht dearthóireachta, éascú agus caidreamh gníomhach leis an bpobal.
- An cumas torthaí inláimhsithe a sheachadadh laistigh de thréimhse na cónaitheachta agus den bhuiséad.
- A bheith sásta comhoibriú agus cur le héiceachóras cruthaitheach An Mhoil Dhigitigh.

## 7. Incháilitheacht

Cuirimid fáilte roimh iarratais ó chomh-dhearthóirí ag a bhfuil:

- Taithí chruthaithe ar mhodheolaíochtaí smaointeoireacht dearthóireachta a chur i bhfeidhm i dtaobh dúshláin an fhíorshaoil.
- Inniúlacht ar na bogearraí dearthóireachta agus na teicneolaíochta ábhartha atá ag teacht chun cinn.
- Scileanna cumarsáide láidre agus an cumas oibriú i dtimpeallacht chomhoibritheach.
- Díograis i dtaobh brú a chur ar theorainneacha na cruthaitheachta agus na teicneolaíochta.

Caithfidh an dearthóir a bheith ina chónaí in Éirinn/san Eoraip.

Caithfidh an dearthóir a bheith ar fáil chun tús a chur leis an gcónaitheacht agus tabhairt fúithi roimh dheireadh 2025 agus caithfidh siad a bheith ar an láthair ag An Mol Digiteach go rialta.

## 8. Coinníollacha Ginearálta

Ní ghlacfar le hiarratais déanacha.

Ba chóir go mbeadh ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra le feiceáil go soiléir ar gach doiciméad a chuirtear isteach.

Tá an painéal roghnúcháin, a dhéanann cinneadh críochnaitheach, i dteideal aon cheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an roghnúcháin a shoiléiriú.

D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar dhearthóirí ainmneacha agus sonraí teagmhála moltóirí a sholáthar mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

Coimeádann an Mol Digiteach an ceart gan coimisiúin a bhronnadh agus, sa chás seo, coimeádann sé an ceart próisis roghnúcháin eile a leanúint.

Ní sheolfar na doiciméid iarratais ar ais.

## 9. Téarmaí agus Coinníollacha

Ní chuirfidh An Mol Digiteach árachas ar fáil do threalamh atá ag an dearthóir nó ag a gcomhghleacaithe.

Ní mór don dearthóir ionduchtú a dhéanamh ar nósanna imeachta An Mhoil Dhigitigh, ar riachtanais bainistíochta imeachtaí agus caithfidh siad cloí le treoirlínte Sláinte & Sábháilteachta An Mhoil Dhigitigh.

Beidh an dearthóir freagrach as slándáil a gcuid maoine pearsanta ar champas An Mhoil Dhigitigh.

Beidh ar an dearthóir a cheapfar deimhniú imréitigh cánach atá cothrom le dáta a sholáthar sula sínfear an conradh agus ar feadh thréimhse an choimisiúin.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil CBL san áireamh sna táillí a bhronntar, (cibé acu atá an dliteanas CBL ar an dearthóir nó ar an té a bhronann an coimisiún).